

# Eleathanach297

Dé Luain 11 Meitheamh 2018

## Amal Clooney

Tá George Clooney pósta le hAmal Clooney. Bhí ar Amal óráid a thabhairt ag féasta a bhí ar siúl ag an AFI (American Film Institute). Bhuaigh George duais don obair atá déanta aige agus thug Amal an óráid.

Bhí Amal neirbhíseach nuair a thosaigh sí an óráid ach bhí sí cróga. Labhair sí mar gheall ar a fear céile agus mar gheall ar a bpáistí, Ella agus Alexander. Tá siad aon bhliain d'aois. Is cúpla iad.

Dúirt Amal go leor rudaí deasa faoi George agus thosaigh George ag caoineadh. Tá Amal an-bhródúil as agus as an obair atá déanta aige. Comhghairdeas le George ón Eleathanach.



## Harry agus Meghan

Bhí Meghan ar an mbalcóin i bPálás Buckingham den chéad uair. Bhí sí in éineacht leis an Teaghlach Ríoga. Bhí Kate agus William ann freisin. Bhí níos mó ná 1000 saighdiúr i láthair.

Bhí siad ag ceiliúradh bhreithlá na banríona. Bhí sí 92 bliain d'aois. Seo an breithlá oifigiúil atá aici, ach rugadh í ar an 21 Aibreán.

Tarlaíonn an ócáid seo gach bliain. Bhí go leor capall ann ach thit fear amháin dá chapall toisc go raibh an aimsir an-te.

Tháinig An Prionsa Charles, An Prionsa William, An Banphrionsa Anne chuig an ócáid ar chapail. D'eitil eitleáin thar an bPálás freisin agus tháinig na dathanna gorm, bán agus dearg amach astu.



## French Open

Bhí an chraobh den French Open ar siúl thar an deireadh seachtaine. D'imir Rafael Nadal agus Dominic Thiem in aghaidh a chéile Dé Domhnaigh.

Níl Thiem ach 24 bliain d'aois. Is as an Ostair dó. Tá an comórtas seo buaite ag Nadal 11 uair. Is as an Spáinn dó. Bhí an bua ag Nadal arís!

Bhuaigh Simona Halep comórtas na mban Dé Sathairn. Bhí sí ag imirt in aghaidh Sloane Stephens. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná 3-6 6-4 6-1.

Is í Simona Halep an t-imreoir is fearr ar domhan. Is as an Rómáin do Simona. Rugadh í sa bhliain 1991.

